Scríobh do Scrúduimhir anseo: | | 2007. M 48T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2007

# EACNAMAÍOCHT BHAILE – EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA

## ARDLEIBHÉAL

| STAMPA IONAID |
|---|
| |

**DÉ hAOINE, 8 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 4.30**

**280/320 MARC**

*Treoracha d'Iarrthóirí*

**Roinn A**
Tá **dhá cheist déag** sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **deich gceist** ar bith a fhreagairt.
Tá **6** mharc ag gabháil le gach ceist.
**Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh ar an scrúdpháipéar.**

**Roinn B**
Tá **cúig cheist** sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile a fhreagairt.**
Tá **80** marc ag gabháil le **Ceist 1**.
Tá **50** marc an ceann ag gabháil leis na Ceisteanna **2, 3, 4** agus **5**.
**Scríobh do chuid freagraí sa fhreagarleabhar ar leith atá curtha ar fáil.**

**Roinn C**
Tá **trí cheist** sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi **cheist amháin** ar ábhar roghnach agus faoi **chuid (a)** den cheist sin mar aon le **cuid (b)** **nó** **cuid (c)** den cheist a fhreagairt.
**Iarrthóirí a chuir obair chúrsa i dTeicstílí, Faisean agus Dearadh isteach le haghaidh a scrúdaithe, ní ceadaithe dóibh ach tabhairt faoi Cheist 2 amháin a fhreagairt as an roinn seo.**
Tá **80** marc an ceann ag gabháil le hábhair roghnacha **1** agus **3**.
Tá **40** marc ag gabháil le hábhar roghnach **2**.
**Scríobh do chuid freagraí sa fhreagarleabhar ar leith atá curtha ar fail.**

**Ní mór duit do scrúdpháipéar a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe.**

## Roinn A

**Freagair <u>deich</u> gceist ar bith sa roinn seo.**
**Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.**
**Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.**

**1.** Ainmnigh **<u>dhá</u>** mhodh inar féidir próitéin a dhínádúrú agus tabhair sampla i n**<u>gach</u>** cás. (6)

| Modh | Sampla |
|---|---|
| | |
| | |

**2.** Comhlánaigh an tábla seo a leanas maidir le díleá carbaihiodráití. (6)

| Tál | Einsím | Substráit | Táirge |
|---|---|---|---|
| Seile | Amaláis Sheileach | | |
| Sú Stéigeach | Lachtáis | | |

**3.** **(a)** Liostaigh **<u>ceithre</u>** fhoinse dhifriúla cailciam sa réim bia. (6)

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

(iii) ______________________________

(iv) ______________________________

**(b)** Sainaithin **<u>dhá</u>** thoisc a chuireann cosc le hionsú cailciam.

(i) ______________________________________________________

(ii) ______________________________________________________

**4.** Maidir le huibheacha mínigh **gach** ceann díobh seo a leanas: (6)

(i) Albaimin ______________________________________________

______________________________________________

(ii) Leicitin ______________________________________________


______________________________________________

**5**. Ainmnigh A, B agus C mar a léirítear ar an léaráid de chillín baictéarach iad. (6)

A ______________________________

B ______________________________

C ______________________________




**6.** Sainmhínigh **gach** ceann de na modhanna cócaireachta seo a leanas: (6)

(i) Scalladh______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(ii) Pota-róstadh ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**7.** Luaigh **dhá** fheidhm dhifriúla de chuid An Bhord Bia i dTionscal Bia na hÉireann. (6)

(i) ______________________________________________

______________________________________________

(ii) ______________________________________________

______________________________________________

**8.** **(a)** Tabhair breac-chuntas ar phríomhfheidhm *aigéid shailleacha Omega -3* sa réim bia. (6)

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**(b)** Ainmnigh **dhá** bhia a bhfuil cuid mhór *aigéid shailleacha Omega-3* iontu.

(i) ____________________ (ii) ____________________

**9.** **(a)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le húsáid bileog trédhearcach solúbtha (plaistigh) mar ábhair phacáistithe. (6)

(i) ______________________________________________

(ii) ______________________________________________

**(b)** Sainaithin dul chun cinn **amháin** atá déanta chun tionchar an iomarca pacáistithe ar an gcomhshaol a laghdú.

______________________________________________

______________________________________________

**10.** Sainaithin **dhá** riachtanas de chuid an *Ordaithe um Shábháilteacht i gcás Dóiteáin* (*Troscán Tí) (1988) (1995).* (6)

(i) ______________________________________________

______________________________________________

(ii) ______________________________________________

______________________________________________

**11.** Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le **gach** ceann de na saghsanna rátaí úis ar mhorgáistí a leanas. (6)

(i) *Ráta seasta* ______________________________

______________________________

______________________________

(ii) *Ráta athraitheach* ______________________________

______________________________

______________________________

**12.** Luaigh **dhá** bhuntáiste de chuid *Ghnás na Mionéileamh.* (6)

(i) ______________________________

______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

______________________________

# Roinn B

**Freagair Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile sa roinn seo.**
**Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1. Tá 50 marc an ceann ag gabháil le Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.**

1. **"Is moladh de chuid pholasaithe an Choiste Náisiúnta um Fhoirtiliú Bia le hAigéad Fólach é go mbeadh sé éigeantach formhór na n-arán a bhíonn ar díol in Éirinn a fhoirtiliú le haigéad fólach."** *(Preasráiteas 2006).*

**Soláthraíonn an tábla seo a leanas eolas ar luach cothaithe arán a úsáidtear coitianta. (Eolas ar chothú de réir 100 g).**

| | Fuinneamh | Próitéin | Saill | Stáirse | Snáithín | Vitimíní | Mianraí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Arán Bán | 251 kcal | 8 g | 1.7 g | 43.3 g | 3.6 g | 2.8 mg | Iarann 1.7 mg<br>Cailciam 100 mg |
| Arán Caiscín | 241 kcal | 9.6 g | 3.1 g | 40.7 g | 6.0 g | 2.23 mg | Iarann 3 mg<br>Cailciam 28 mg |
| Brioscarán (Ryvita) | 318 kcal | 8.5 g | 2.1 g | 65.5 g | 18.0 g | 1.91 mg | Iarann 3.3 mg<br>Cailciam 86 mg |
| Toirtílí Plúir | 313 kcal | 8.6 g | 7 g | 52.9 g | 1.4 g | Rian | Sóidiam 1.1 g |

**(a)** Agus tú ag baint úsáide as an eolas a thugtar sa tábla, déan meastachán ar an méid a chuireann gach arán díobh le réim bia na nÉireannach **agus** comparáid eatarthu. (24)

**(b)** Maidir le stáirse, mínigh **gach** ceann díobh seo a leanas:

(i) geilitíniú

(ii) deistriniú. (12)

**(c)** Tabhair cuntas ar ***aigéad fólach/fhóláit*** agus déan tagairt dóibh seo a leanas:

(i) foinsí sa réim bia

(ii) airíonna

(iii) feidhmeanna bitheolaíocha

(iv) an chiondáil mholta chothúcháin (RDA i mBéarla). (28)

**(d)** Sainmhínigh foirtiliú bia.
Tabhair breac-chuntas ar bhuntáistí bianna foirtile don tomhaltóir **agus** don déantóir. (16)

**2. “Is é is príomhchúis le básanna in Éirinn fós ná Galar Corónach Croí. Is é is cúis le breis agus 7,000 bás in aghaidh na bliana.”**

*(CTCCÉ - Clár Taom Corónach Croí na hÉireann)*

**(a)** Sainaithin agus déan trácht go mion ar (i) na hathruithe saoil **agus** (ii) na treoirlínte sa réim bia a mholtar a leanúint chun ráta galar corónach croí a laghdú. (16)

**(b)** Déan clár bia lae a leagan amach do dhuine a bhfuil galar corónach croí air. Bíodh *bia feidhmiúil* **amháin** sa chlár bia agus luaigh fáth amháin a bhfuil sé ann. (22)

**(c)** Scríobh cuntas ag tabhairt eolais ar cholaistéaról. (12)

**3. “Disciplín eolaíoch is ea an *Anailís Chéadfach* a mbaintear feidhm as chun freagairt an duine d’airíonna sin na mbianna a bhraitheann an radharc, an boladh, an blas, an tadhall agus an éisteacht, a mhúscailt, a thomhas, a anailísiú agus a mhíniú.”**

*(Institiúid na dTeicneolaithe Bia, 1981)*

**(a)** Pléigh tionchar **trí** cinn ar bith de na céadfaithe nuair a bhítear ag roghnú, ag ceannach nó ag ithe bia. (15)

**(b)** Ainmnigh **trí** chatagóir de na tástálacha san *Anailís Chéadfach* agus liostaigh tástáil **amháin** as gach catagóir díobh. (15)

**(c)** Leag amach na tosca atá riachtanach i dtástáil san *Anailís Chéadfach* chun a chinntiú go mbeidh na torthaí cruinn. (20)

**4. Cuid dhílis de chistineacha an lae inniu iad na fearais chuisnithe.**

**(a)** Leag amach mionsonraí staidéir atá déanta agat ar fhearas cuisnithe.

Déan tagairt dóibh seo a leanas:

(i) cineál an fhearais chuisnithe

(ii) prionsabal oibrithe

(iii) treoirlínte le haghaidh úsáide

(iv) gnéithe nua-aimseartha

(v) rátáil éifeachtacht fuinnimh. (38)

**(b)** Tabhair mionchuntas ar an gcóras réalt-rátála a fhaightear ar fhearais chuisnithe. (12)

**5. "Tagraíonn 'Riachtanais Speisialta' do réimse ilchineálach riachtanas, a mbíonn staid mhíochaine, fhisiciúil, mheabhrach nó forbartha, nó míchumas, ina gcúis leo go minic."**

**(a)** Sainaithin agus déan trácht go mion ar na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag aonad teaghlaigh nuair a bhíonn riachtanais speisialta ag ball den teaghlach. (18)

**(b)** Pléigh conas a d'fhéadfadh teaghlach freastal ar riachtanais baill a bhfuil míchumas air. (20)

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar ról an ghrúpa *Rehab*. (12)

# Roinn C


**Freagair ceist ar ábhar roghnach amháin as an roinn seo.**

**Iarrthóirí a chuir isteach obair chúrsa i dTeicstílí, Faisean agus Dearadh le haghaidh a scrúdaithe, ní ceadaithe dóibh ach tabhairt faoi Cheist 2 <u>amháin</u> a fhreagairt.**

## Ábhar Roghnach 1 – Dearadh agus Bainistíocht Tí (80 marc)

**Iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo, ní mór dóibh 1(a) agus ceann amháin de 1(b) <u>nó</u> 1(c) a fhreagairt.**

**1. (a) Tá mórán athruithe tagtha ar chúrsaí tithíochta in Éirinn le blianta beaga anuas**.




*Foinse: Foilseacháin ICSH*

(i) Agus tú ag baint úsáide as an eolas a sholáthraítear thuas:
- pléigh soláthar na tithíochta in Éirinn sa bhliain 2000 **<u>agus</u>**
- dean trácht ar oiriúnacht na tithíochta atá á soláthar i ngach earnáil a luaitear. (24)

(ii) Déan idirdhealú idir *Tithíocht na nÚdarás Áitiúil* agus *Tithíocht Chomharchumann.* (10)

(iii) Déan tábhacht áiseanna agus seirbhísí áitiúla i bhforbairtí tithíochta a mheas. (16)

**agus**

**1. (b)** (i) Pléigh na tosca is ceart a chur san áireamh nuair a bhítear ag roghnú clúdach urláir don teach. (12)

(ii) Déan cur síos ar chineál **<u>amháin</u>** ábhar urláir crua agus ar chineál **<u>amháin</u>** ábhar urláir leathchrua a mholfá don halla. Déan tagairt dóibh seo i n**<u>gach</u>** cás:
- cineál an ábhair urláir
- airíonna. (18)

**nó**

**1. (c) "Tagraíonn fuinneamh inbhuanaithe do shlí inar féidir linn fuinneamh a ghiniúint atá níos éifeachtaí agus a dhéanann níos lú damáiste don chomhshaol."**

*Energy Master, Renewable Energy Solutions*

(i) Tabhair sonraí ar chineál **<u>amháin</u>** fuinnimh inathnuaite a mholfá nuair a bhíonn teach nua á thógáil. Déan tagairt dóibh seo:
- foinse
- inbhuanaitheacht
- éifeachtacht / éifeachtúlacht. (18)

(ii) Déan cur síos ar **<u>thrí</u>** mhodh dhifriúla chun astuithe díobhálacha sa chomhshaol a laghdú. (12)

## Ábhar Roghnach 2 – Teicstílí, Faisean agus Dearadh (40 marc)


**Iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo, ní mór dóibh 2(a) agus ceann amháin de 2(b) nó 2(c) a fhreagairt**

**2. (a) Toisc go bhfuil rannpháirtíocht daoine in imeachtaí spóirt ag dul i méid, tá méadú tagtha ar an éileamh ar éide spóirt atá faiseanta, ach fós praiticiúil.**

Léiríonn an léaráid culaith spóirt atá oiriúnach d'fhear nó do bhean.

(i) Déan an chulaith spóirt seo a mheas maidir leo seo:
- úsáid fheidhmiúil
- compord nuair a bhítear á caitheamh
- conas atá **dhá** phrionsabal deartha curtha i bhfeidhm i ndearadh an bhaill éadaigh. (17)

(ii) Ainmnigh agus déan cur síos ar theicníc chomhdhéanta fabraice atá oiriúnach d'fhabraic phoileistir. (8)




**agus**

**2. (b) Tá úsáid á baint as amhábhair ar nós olla agus línéadaigh i bhFaisean na hÉireann leis na céadta bliain.**

Scríobh próifíl ar fhabraic nádúrtha **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi. Déan tagairt dóibh seo:
- táirgeadh snáithín
- airíonna fabraice
- tástáil aitheanta snáithín. (15)

**nó**

**2. (c) Tá forbairt tagtha ar earnáil éadaí agus teicstílí na hÉireann, ó gheansaithe Árann agus sciortaí bréidín go dtí dearthaí atá i bhfad níos úire agus níos cruthaithí.**

(i) Pléigh saothar dearthóra Éireannaigh **amháin** a raibh ról tábhachtach aige/aici san fhorbairt seo. (9)

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dheacracht atá ag dul i bhfeidhm ar thionscal teicstíle na hÉireann. (6)

## Ábhar Roghnach 3 – Staidéar Sóisialta (80 marc)

**Iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo, ní mór dóibh 3(a) agus ceann amháin de 3(b) <u>nó</u> 3(c) a fhreagairt.**

**3. (a) Tá athruithe suntasacha tagtha ar dheiseanna fostaíochta in Éirinn ó na nóchaidí i leith.**

(i) Pléigh an tionchar atá acu seo ar phatrúin oibre **<u>agus</u>** ar obair a bheith ar fáil:

- teicneolaíocht i mbéal forbartha
- meath na dtionscal príomhúil agus tánaisteach agus fás na dtionscal seirbhíse
- méadú ar riachtanais oideachais. (30)

(ii) Mínigh conas a thug coinníollacha feabhsaithe oibre deis do mhná a bheith níos rannpháirtí mar bhaill den fhórsa oibre. (12)

(iii) Scríobh nóta ag tabhairt eolais mar gheall ar an Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht) (1996). (8)

**agus**

**3. (b)** (i) Sainaithin **<u>dhá</u>** ghrúpa daoine a mbíonn deacracht acu fostaíocht a fháil **<u>agus</u>** pléigh fáthanna a bhfuil an dífhostaíocht ard i measc gach grúpa a ainmníonn tú. (18)

(ii) Tabhair breac-chuntas ar thionchair na dífhostaíochta ar an tsochaí. (12)

**nó**

**3. (c)** (i) Pléigh feidhm agus fiúntas na fóillíochta i sochaí an lae inniu. (15)

(ii) Tabhair breac-chuntas ar conas a bhíonn tionchar ag tosca sóisialta agus cultúrtha ar rogha gníomhaíochtaí fóillíochta an duine. (15)

# LEATHANACH BÁN